Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 21

# Príosúin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ar speansais eile a bhaineann le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil sa bhliain 2023, as leithreasaí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2022, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear barrachas €1.349 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú ach amháin sna cásanna seo a leanas.

***Luacháil ar thalamh agus foirgnimh***

Is leis an Aire Dlí agus Cirt trí cinn déag de phríosúin agus d’ionaid choinneála, mar aon le réadmhaoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i bPort Laoise, réadmhaoin atá cóngarach don fhoirgneamh Ceanncheathrún ar an Longfort, agus dhá láithreán i mBaile Átha Cliath: láithreán beag amháin atá cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus tailte a fuarthas le haghaidh forbairt príosúin ag Halla Bhaile na Sceach, Cill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath.

I nóta 2.1 réadmhaoin, gléasra agus trealamh, luacháiltear talamh ag luach úsáide reatha nó luach margaidh (mura bhfuil sé in úsáid), agus luacháiltear foirgnimh phríosúin ag meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille. Rinneadh na hathluachálacha is déanaí in 2020 le hathluachálacha nuashonraithe ar siúl gach cúig bliana, agus rinneadh luacháil neamhspleách in 2021 maidir leis na tailte ag Thornton Hall. Cuireadh in iúl don Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus do chomhlachtaí ábhartha eile go bhfuil cuid den talamh sin ar fáil. Tá an luacháil reatha bunaithe ar úsáid agus criosú reatha, agus cuirtear san áireamh cáilíocht na talún talmhaíochta, suíomh agus éadanas an bhóthair. Ní chuireann sé san áireamh go sonrach aon luach méadaithe bunaithe ar aon athchriosú féideartha ar an talamh le haghaidh úsáide eile agus mar sin coinneofar an luacháil faoi athbhreithniú.

***Dímheas***

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil chun bail mhaith a choinneáil orthu.

Ach amháin i gcás talún agus foirgneamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i mbun seirbhíse iad.

***Sócmhainní doláimhsithe***

Rinneadh na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

| *Aicme* | *Saolré úsáideach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 bliain | 50%-10% |
| Bogearraí faighte/Bogearraí forbartha | 10 mbliana | 10% |

***Ábhair inchaite***

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais, agus ní áirítear i stoic iad.

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe,

- tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus tá pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais agus bainistíochta a bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn neamhchosanta orthu a cuid oibre. Déanann an Coiste Iniúchóireachta an plean bliantúil iniúchóireachta inmheánaí a cheadú, agus cuirtear an anailís sin san áireamh ann. Tá sé mar aidhm leis an bplean na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar chreat ama réasúnach. Sannadh foireann thiomnaithe iniúchóireachta chun plé le saincheisteanna iniúchóireachta a bhaineann le Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain 2023. Méadaíonn an fhoireann an díriú a leagtar ar obair iniúchóireachta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann an Coiste

Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann mionsonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon Seirbhís Phríosúin na hÉireann na treoirlínte cé is moite de chonradh amháin (níos mó ná €25,000), arbh fhiú €76,121 (seachas CBL) san iomlán in 2023. Síneadh an conradh maidir le seirbhísí priontála bainistithe a sholáthar ar feitheamh críochnú an chonartha. an próiseas tairisceana ábhartha, a tháinig chun críche i mí na Nollag 2023.

Tá an conradh thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is mó is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach príosún agus stiúrthóireacht, agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach, rud lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann ar gach leibhéal. Déantar na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (Foireann Ceannaireachta Stiúrthóirí) an clár rioscaí corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Choiste Bainistíochta Riosca, nuair is cuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Ag eascairt as na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann rialuithe airgeadais agus rialuithe agus próisis eile a athbhreithniú agus a neartú go leanúnach i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, baincéireacht, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus próisis leanúnachais gnó/athshlánúcháin ó thubaiste. Laghdaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann an líon cuntas bainc tráchtála atá aici (nach mbaineann leis an vóta) ó 20 ceann ag deireadh na bliana 2022 go 12 cheann ag deireadh na bliana 2023 de bharr athchóiriú agus nuachóiriú leanúnach ar chórais agus ar phróisis.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

26 Márta 2024

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21– Príosúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 21 – Príosúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Mean Fomhair 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 21 Príosúin

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear i bpríosún | | | | |
| *Bunaidh* | 421,583 | | | |
| *Géilleadh Iarchurtha* | 3,205 | | | |
| *Forlíontach* | 20,277 | | | |
| | | 445,065 | 443,783 | 412,631 |
| **Ollchaiteachas** | | **445,065** | **443,783** | **412,631** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 10,031 | | | |
| *Forlíontach* | 1,555 | | | |
| | | **11,586** | **11,653** | **11,142** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 411,552 | | | |
| *Géilleadh Iarchurtha* | 3,205 | | | |
| *Forlíontach* | 18,722 | | | |
| | | **433,479** | **432,130** | **401,489** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 1,348,624 | 5,809,263 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (3,205,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,348,624** | **2,604,263** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

26 Márta 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 109,386 | 103,586 |
| Pá | | 309,124 | 289,622 |
| Neamhphá | | 25,273 | 19,423 |
| **Ollchaiteachas** | | **443,783** | **412,631** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **11,653** | **11,142** |
| **Glanchaiteachas** | | **432,130** | **401,489** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Athruithe ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh(2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (26,619) | | |
| Dímheas | 4,915 | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 37 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (21) | | |
| | | (21,688) | (23,717) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhardail | (621) | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (1,362) | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (65) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 3,921 | | |
| | | 1,873 | 70 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **412,315** | **377,842** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 87,867 | 79,734 |
| **Glanchostas an chláir** | | **500,182** | **457,576** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 21 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 340 | 369 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 86,242 | 78,128 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 145 | 145 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 335 | 329 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart (Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais) | 779 | 738 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 26 | 25 |
| | | **87,867** | **79,734** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 1,432,323 | 1,410,635 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | — | — |
| **Iomlan Sócmhainní seasta** | | **1,432,323** | **1,410,365** |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 11,632 | 20,042 |
| Fardail | 2.4 | 2,370 | 1,749 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 5,720 | 4,358 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 657 | 588 |
| Ioncam fabhraithe | 2.7 | 176 | 111 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **20,555** | **26,848** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 7,632 | 3,711 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.9 | 12,136 | 17,365 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.10 | 153 | 3,265 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **19,921** | **24,341** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 634 | 2,507 |
| **Glansócmhainní** | | **1,432,957** | **1,413,142** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.11 | **1,432,957** | **1,413,142** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó Luacháil** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 [b, c] | 1,328,839 | 13,510 | 81,838 | 753 | 70,215 | 1,495,155 |
| Breiseanna | 11,084 | 2,507 | 5,621 | — | 7,407 | 26,619 |
| Diúscairtí | — | (374) | (876) | (42) | — | (1,292) |
| Nithe a cuireadh in úsáid | 70,665 | — | — | — | (70,665) | — |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 1,410,588 | 15,643 | 86,583 | 711 | 6,957 | 1,520,482 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | — | 10,341 | 73,469 | 710 | — | 84,520 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,336 | 3,568 | 11 | — | 4,915 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (374) | (861) | (41) | — | (1,276) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | — | 11,303 | 76,176 | 680 | — | 88,159 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **1,410,588** | **4,340** | **10,407** | **31** | **6,957** | **1,432,323** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 1,328,839 | 3,169 | 8,369 | 43 | 70,215 | 1,410,635 |

Nóta [a] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh 1 Eanáir 2021.

[b] Is leagtha amach in Aguisín A atá na tailte agus na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus nach bhfuil aon luachálacha ag baint leo.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Ceadúnais bogearraí fhaighte agus bogearraí forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó Luacháil** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 91 | 91 |
| Breiseanna | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 91 | 91 |
| **Amúchadh Carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 91 | 91 |
| Amúchadh don bhliain | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 91 | 91 |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | — | — |

Nóta [a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní éadála agus forbartha bogearraí a athrangú ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta | 11,583 | 19,880 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 49 | 162 |
| | **11,632** | **20,042** |

**Cuntais bainc nach mbaineann leis an Vóta**

Sealbhaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann 12 chuntas bainc tráchtála. Bainistítear an t-airgead sna cuntais sin ar leithligh ó chistí vótáilte, agus baineann sé le Siopaí Príosúin, le Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh, agus le cistí pearsanta na bpríosúnach. Ach amháin i gcás íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair, arb íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta ná a íoctar uaidh. Ba é €4,027,523 (2022: €3,949,155) an tsuim a sealbhaíodh sa chuntas ag deireadh na bliana 2023. Ní chuirtear an tsuim sin ar áireamh sa chuntas. Féach freisin nóta 6.6.

## 2.4 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Éidí agus éadach | 2,137 | 1,692 |
| Ilghnéitheach | 233 | 57 |
| | **2,370** | **1,749** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán na Roinne (córais TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh den chuid is mó, ceadúnú san áireamh) | 3,122 | 2,770 |
| A.3 Foirgnimh agus trealamh (lena n-áirítear córais TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus costais cíosa foirgneamh) | 1,292 | 582 |
| A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh (costais seirbhísí athlonnaithe den chuid is mó) | 357 | 304 |
| A.5 Seirbhísí oibríochtúla (seirbhísí cumarsáide a sholáthraíonn Tetra agus seirbhísí slándála eile go príomha) | 889 | 596 |
| A.6 Seirbhísí oideachais | 60 | 106 |
| | **5,720** | **4,358** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntais óinchiste príosúin | 392 | 392 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 265 | 196 |
| | **657** | **588** |

## 2.7 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fáltais a bhaineann le párolla | 171 | 96 |
| Fáltais ó oiliúint oibre | 1 | 15 |
| Fáltais eile | 4 | — |
| | **176** | **111** |

## 2.8 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí do phríosúnaigh | 3,415 | 1,781 |
| Foirgnimh agus trealamh | 2,065 | 521 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,146 | 506 |
| Oiliúint, forbairt agus speansais theagmhasacha | 548 | 435 |
| Taisteal agus cothú | 53 | 175 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 151 | 21 |
| Seirbhísí oibríochtúla | 64 | 182 |
| Seirbhísí oideachais | 65 | 67 |
| Cúiteamh | 125 | 23 |
| | **7,632** | **3,711** |

## 2.9 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 5,905 | 9,012 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,931 | 4,425 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 60 | 105 |
| Cáin bhreisluacha | 1,609 | 1,331 |
| Cáin conraitheoirí cláraithe | — | 17 |
| Cáin a asbhaineadh as aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin | — | 5 |
| | 10,505 | 14,895 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta | 49 | 162 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 667 | 935 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 915 | 1,373 |
| | **12,136** | **17,365** |

## 2.10 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 1,349 | 2,604 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 3,205 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,196) | (2,544) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **153** | **3,265** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 11,632 | 20,042 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 657 | 588 |
| | 12,289 | 20,630 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (10,505) | (14,895) |
| Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta | (49) | (162) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,582) | (2,308) |
| | (12,136) | (17,365) |
| | | |
| | **153** | **3,265** |

## 2.11 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 1,413,142 | 1,389,495 |
| | | | | |
| **Eisíocaíochtaí ón Vóta** | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 433,479 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,349) | | |
| Glanvóta | | | 432,130 | 401,489 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 87,867 | 79,734 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (500,182) | (457,576) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **1,432,957** | **1,413,142** |

## 2.12 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Tionscadail chaipitil | 3,111 | 3,529 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **3,111** | **3,529** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022** | **Caiteachas sa bhliain 2023** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023** | **Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2022** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Príosún Luimnigh [a] | 65,583 | 1,140 | — | 66,993 | 68,100 |

Nóta [a] Críochnaíodh athfhorbairt Phríosún Luimnigh agus rinneadh é a chaipitliú in 2023 ar chostas iomlán de €66.993 milliún, lena n-áirítear síneadh le sciathán reatha an phríosúin, áis nua do mhná agus roinnt oibreacha gaolmhara eile. Níl aon chonarthaí móra eile sínithe ag deireadh 2023 le haghaidh tionscadal caipitil

## 2.13 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2023 ná sa bhliain roimhe sin.

## 2.14 Dliteanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Áirítear leis na dliteanais theagmhasacha éilimh ar chúiteamh a bhaineann le sláintíocht sna cillíní. Is í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát atá ag plé leis na héilimh sin thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Is éiginnte atá suim agus uainiú iarbhír na ndliteanas a d’fhéadfadh a bheith ann. Féach freisin nóta 6.2 Costais chúitimh agus dlí.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos i gcaiteachas Chlár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 299,229 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,921 | | | |
| | | | 310,150 | 309,124 | 289,622 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,316 | | | |
| | *Forlíontach* | 817 | | | |
| | | | 3,133 | 2,880 | 2,272 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,615 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | 5,615 | 5,461 | 4,084 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 110 | | | |
| | | | 1,910 | 2,059 | 1,600 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,697 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,433 | | | |
| | | | 14,130 | 14,873 | 11,467 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | — | — | — |
| | | | **334,938** | **334,397** | **309,045** |

**Difríochtaí suntasacha**

Sa nóta seo a leanas, cuirtear i láthair anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €2.316 milliún; toradh €2.880 milliún*

Tháinig an barrachas €564,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar mhéaduithe i líon na bpríosúnach agus, dá bhrí sin, ar éileamh méadaithe ar thionlacain phríosúin.

**v Trealamh oifige agus Seirbhísí tf Seachtracha**

*Soláthar meastacháin €11.697 milliún; toradh €14.873 milliún*

Baineann an barrachas €3.176 milliún le costais bhreise atá i gceist leis an éileamh méadaitheach a bhainistiú agus leis na costais atá i gceist le seirbhísí TFC, le ceadúnú, le cibearshlándáil agus le forbairt bogearraí.

**vi Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais**

*Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas*

Tháinig an choigilt €100,000 chun cinn toisc nach raibh aon ghá ann le seirbhísí comhairleachta sa bhliain.

## Clár A Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear i bpríosún

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 299,229 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,921 | | | |
| | | | 310,150 | 309,124 | 289,622 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,528 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,260 | | | |
| | | | 24,788 | 25,273 | 19,423 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 50,238 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,205 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,600 | | | |
| | | | 55,043 | 55,053 | 52,293 |
| A.4 | Seirbhísí do phríosúnaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 31,909 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,540 | | | |
| | | | 39,449 | 40,056 | 34,838 |
| A.5 | Seirbhísí oibríochtúla | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,021 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,129 | | | |
| | | | 8,150 | 7,843 | 6,623 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | | 1,559 | 1,455 | 1,433 |
| A.7 | Cúiteamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,873 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,173) | | | |
| | | | 5,700 | 4,700 | 8,129 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | 226 | 279 | 270 |
| | | | **445,065** | **443,783** | **412,631** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir nár chaiteachas riaracháin é (+/-5% agus €100,000).

**A.4 Seirbhísí do Phríosúnaigh**

*Soláthar meastacháin €31.909 milliún; toradh €40.056 milliún*

Tháinig an barrachas €8.147 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar mhéaduithe i líon na bpríosúnach agus mar gheall ar chostais ghaolmhara a bhaineann le lónadóireacht príosúnach, le costais liachta príosúnach agus le méaduithe boilscitheacha ginearálta.

**A.5 Seirbhísí oibríochtúla**

*Soláthar meastacháin €7.021 milliún; toradh €7.843 milliún*

Tháinig an barrachas €822,000 chun cinn go príomha mar gheall ar líon méadaitheach na bpríosúnach, rud a rinne difear do chostais oibríochtúla agus do chostais slándála.

**A.6 Seirbhísí oideachais**

*Soláthar meastacháin €1.559 milliún; toradh €1.455 milliún*

Tháinig an choigilt €105,000 chun cinn go príomha mar gheall ar shrianta acmhainne pearsanra laistigh de phríosúin sa bhliain 2023.

**A.7 Cúiteamh**

*Soláthar meastacháin €10.873 milliún; toradh €4.700 milliún*

Tháinig an choigilt €6.173 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar líon na n-éileamh a tréchuireadh i ndáil le cásanna cúitimh a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Is é atá anseo ná mír chostais faoi stiúir éilimh a mbainistíonn an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát í, agus athraíonn an caiteachas ag brath ar chandam, líon agus uainiú deiridh na ndámhachtainí.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | | 226 | 279 | 270 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,500 | | | |
| | | | | 11,000 | 10,956 | 10,521 |
| 3 | Ilghnéitheach | | | | | |
| | *Bunaidh* | | 305 | | | |
| | | *Forlíontach* | 55 | | | |
| | | | | 360 | 418 | 351 |
| | **Iomlán** | | | **11,586** | **11,653** | **11,142** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €9.500 milliún; réadaithe €10.956 milliún*

Tháinig an barrachas €1.456 milliún in ioncam chun cinn go príomha mar gheall ar íocaíochtaí aoisliúntais breise a d'eascair as costais tuarastail mhéadaithe a bhaineann le Comhaontú Pá na Seirbhíse Poiblí.

**3 Ilghnéitheach**

Meastachán €305,000; réadaithe €418,000

Tá an farasbarr de €113,000 mar gheall go príomha ar íocaíochtaí sochair bhreoiteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí, agus fáltais ilghnéitheacha ag leibhéal an phríosúin

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 3,547 | 3,493 |

### 5.2 Pá

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 183,716 | 176,439 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 466 | 415 |
| Liúntais eile | 44,412 | 42,417 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 53,426 | 45,455 |
| ÁSPC an fhostóra | 27,104 | 24,896 |
| **Pá iomlán** | **309,124** | **289,622** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2023** | **2022** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 86 | 5 | 19,880 | 13,870 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 3,229 | 2,435 | 94,119 | 77,138 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,987 | 1,751 | 20,529 | 30,061 |
| Ilghnéitheach | 3,462 | 72 | 16,701 | 13,560 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3,255 | 2,998 | 113,649 | 96,253 |

## 5.4 Foireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Banda pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 746 | 845 |
| 60,000 | 69,999 | 354 | 411 |
| 70,000 | 79,999 | 490 | 486 |
| 80,000 | 89,999 | 598 | 864 |
| 90,000 | 99,999 | 704 | 578 |
| 100,000 | 109,999 | 397 | 217 |
| 110,000 | 119,999 | 139 | 51 |
| 120,000 | 129,999 | 43 | 24 |
| 130,000 | 139,999 | 24 | 9 |
| 140,000 | 149,999 | 8 | 4 |
| 150,000 | 159,999 | 7 | 2 |
| 160,000 | 169,999 | 3 | — |
| 170,000 | 179,999 | 1 | — |
| 180,000 | 189,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €145,440 san iomlán le 31 státseirbhíseach atá scortha agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís le haghaidh dualgais éagsúla. Idir €520 agus €16,114 a bhí na híocaíochtaí. Íocadh €38,790 san iomlán le seachtar comhaltaí scortha den Gharda Síochána ar fhostaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann iad le haghaidh dualgais shonracha le linn na bliana 2023.

Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne scortha de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 290 | 661,494 | 538,571 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 164 | 253,524 | 230,163 |

Ní raibh aon daoine aonair ann a raibh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí acu agus a d'aistrigh chuig ranna eile sa bhliain 2023. Áirítear leis na mionsonraí thuas roinnt cásanna pinsean coinnithe. Cuireadh roinnt pleananna aisghabhála aisíocaíochta sa bhreis i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is í an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21 Príosúin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24 Dlí agus Ceart freisin. Nochtar a luach saothair agus a sochair sa chuntas leithreasa do Vóta 24.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Daonra na bpríosún

B'ionann an meánlíon measta príosúnach in aghaidh an lae sa bhliain 2023 agus 4,582 dhuine (2022: 4,120 duine).

### 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain**

| | Éilimh a rinne | | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe (díobhálacha le linn d'fhostaithe a bheith ar dualgas agus saincheisteanna eile) | | príosúnaigh (ag eascairt as díobhálacha agus gníomhartha eile a bhain le príosúnaigh) | daoine den phobal | 2023 | 2022 |
| | Éilimh shibhialta | An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla | | | | |
| Líon na gcásanna | 84 | 75 | 299 | 20 | 478 | 551 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann féin | 123 | — | 655 | 74 | 852 | 782 |
| Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann | | | | | | |
| Cúiteamh | 418 | 1,201 | 534 | 73 | 2,226 | 4,462 |
| Costais dlí | 299 | — | 855 | 134 | 1,288 | 1,666 |
| Costais eile | 99 | — | 49 | 19 | 167 | 287 |
| **Iomlán 2023** | **939** | **1,201** | **2,093** | **300** | **4,533** | **7,197** |
| Iomlán 2022 | 1,669 | 1,729 | 3,408 | 391 | 7,197 | |

Nóta

Amhail an 31 Nollaig 2023, b'ionann líon na n-éileamh gníomhach a bhí taifeadta ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát mar éilimh gan réiteach agus 713 éileamh (2022: 1,056 éileamh). B'ionann agus €162,397 (2022: €909,969) luach na gcostas dlí a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann i ndáil le hocht gcás nár chásanna cúitimh iad agus le mionchostais dlí eile.

Áirítear leis na héilimh gan réiteach a bhí taifeadta ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 340 cás a bhaineann le sláintíocht sna cillíní. Mar thoradh ar bhreithiúnas gaolmhar ón gCúirt Uachtarach, tá scéim curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun dul i ngleic leis na héilimh sin. Déantar na costais a bhaineann le haon chúiteamh ón scéim sin a íoc ó Vóta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Maidir leis an tsuim €2.093 milliún a íocadh i gcostais chúitimh agus i gcostais dlí ón tábla thuas i ndáil le héilimh ó phríosúnaigh, áirítear léi suim €197,892 (2022: €1.201 milliún) i gcostais chúitimh agus i gcostais dlí gearánaithe agus suim €225,909 (2022: €430,805) i dtáillí dlí agus eile i ndáil le cásanna maidir le sláintíocht sna cillíní. B'ionann na costais iomlána a bhaineann le cásanna maidir le sláintíocht sna cillíní agus €12.065 milliún ag deireadh na bliana 2023 (2022: €11.213 milliún). Measann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát gur dócha go mbeidh costas deiridh na gcásanna maidir le sláintíocht sna cillíní idir €15 mhilliún agus €20 milliún.

Amhail an 31 Nollaig 2023, tá costais dlí gan íoc is ionann agus €194,396 (2022: €nialas) dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023**

| | Éilimh a rinne | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **foireann príosúin** | **príosúnaigh** | **daoine den phobal** | |
| Líon na gcásanna | 33 | 326 | 15 | 374 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann féin | 132 | 3,050 | 140 | 3,322 |
| Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 557 | 693 | 123 | 1,373 |
| Costais dlí | 237 | 1,355 | 110 | 1,702 |
| Costais eile | 58 | 219 | 22 | 299 |
| **Iomlán** | **984** | **5,317** | **395** | **6,696** |

## 6.3 Speansais sochraide príosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €9,035 san iomlán (2022: €21,721) iad i dtreo speansais sochraide triúr príosúnach a cailleadh agus iad i bpríosún.

## 6.4 Caillteanais airgid

Sainaithníodh roinnt caillteanas airgid thirim dar luach iomlán €1,266 (2022: €453) i dtrí phríosún sa bhliain 2023.

## 6.5 Ús i leith íoc pras cuntas

Ba é €7,713 (2022: €3,839) suim an úis a tabhaíodh i leith íoc pras sa bhliain 2023.

## 6.6 Oibríochtaí airgeadais eile laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón ioncam agus caiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, tagann roinnt oibríochtaí airgeadais eile chun cinn laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun go mbeidh sí in ann a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí sin le bainistiú chistí na bpríosúnach, le hoibriú na siopaí príosúin, le hoibriú chiste an chláir um chúnamh do phríosúnaigh (rud a bhfuiltear ag cur deireadh leis de réir a chéile) agus le hoibriú na gCoistí Deonacha Bialann foirne. Teastaíonn cuntais bhainc sa bhreis le haghaidh na n-oibríochtaí sin, agus tá na mionsonraí mar a leanas:

- **Cuntas chistí pearsanta na bpríosúnach** – Coimeádtar cuntas bainc go lárnach le haghaidh chistí pearsanta na bpríosúnach. B'ionann an t-iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023 agus €1,771,323 (2022: €1,693,517). Léirítear ansin iarmhéideanna chistí na bpríosúnach amhail deireadh na bliana agus áirítear leis an dliteanas i leith cheannacháin na bpríosúnach sna siopaí do mhí na Nollag (ab ionann agus tuairim is €800,000).

- **Cuntas chistí na bpríosúnach** – Tá dhá chuntas bainc ann le haghaidh cistí seachtracha a fháil do phríosúnaigh. Ba iad €159,753 (2022: €207,930) agus €77,747 (2022: €0) na hiarmhéideanna amhail an 31 Nollaig 2023.

- **Oibríocht na siopaí príosúin** – Tá siopa ('siopa milseán') inar féidir le príosúnaigh míreanna amhail táirgí milseogra agus earraí maisíochta a cheannach ag gach príosún. Íoctar as na míreanna ó chistí na bpríosúnach. Le blianta beaga anuas, rinneadh oibríocht na siopaí a athchóiriú agus a nuachóiriú. Nuair a bheidh an obair sin curtha i gcrích, cuirfear cuntas bainc lárnach amháin in ionad 11 chuntas bainc siopa a bainistíodh go háitiúil. Amhail an 31 Nollaig 2023, tá cuntas bainc áitiúil amháin ann atá i mbun oibre fós. Ba iad €1,842,786 (2022: €1,145,139) agus €25,088 (2022: €442,779) na hiarmhéideanna amhail an 31 Nollaig 2023. Ba é €444,050 (2022: €402,868) luach an stoic ar láimh.

- **Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh (CCCP)** – Baintear úsáid as CCCP chun tionscnaimh cruatain príosúnach agus tionscnaimh ghaolmhara a mhaoiniú, agus táthar ag cur deireadh leis de réir a chéile. Rinneadh ceithre chuntas bainc CCCP a bainistíodh go háitiúil a dhúnadh faoi dheireadh na bliana 2023. Ba é €150,826 (2022: €459,790) na hiarmhéideanna sna cuntais bhainc a bhí fágtha amhail an 31 Nollaig 2023.

- **Coistí deonacha bialann** – Tá coistí deonacha bialann i mbun oibre in ocht bpríosún chun comhordú a dhéanamh ar riar agus oibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach. Oibríonn siad mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus atá neamhspleách uirthi. Cuireadh athbhreithniú neamhspleách ar oibriú na gcoistí deonacha bialann i gcrích i mí Aibreáin 2022 agus, de bhun mholtaí an athbhreithnithe, coimisiúnaíodh tasc breise chun raon leathan saincheisteanna airgeadais agus neamhairgeadais a fhiosrú, agus é mar aidhm leis samhail bharrmhaith a fhorbairt le haghaidh béilí foirne a sholáthar i bpríosúin. Tá an-dul chun cinn déanta ar an gcleachtadh sin agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích ar ball é.